

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Cabhair le Ceannach – Treoir Achomair do Chonraitheoirí

Eanáir 2025

Tabhair do d'aire, is mar áis léirithe amháin atá na scáileáin shamplacha ar fud an doiciméid seo.

Clár na nÁbhar

Ról na gConraitheoirí Cáilitheacha sa Phróiseas CLC	3
Conas a bheith i do Chonraitheoir Cáilitheach Cláraithe	3
Áiteanna cónaithe breise	4
Céimeanna an Phróisis CLC	5
Céim an iarratais	5
Céim 1 Céim an iarratais	5
Céim 2 Céim an éilimh	5
Céim 3 Céim an fhíoraithe	6
Éileamh ar an gCóras CLC ar Líne a fhíorú	6

Réamhrá

Dearadh an **scéim Cabhair le Ceannach (CLC)** chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire leis an éarlais a theastaíonn chun maoin cháilitheach a cheannach nó a fhéin-tógáil chun cónaí ann mar a n-áit chónaithe. Foráiltear leis an CLC d'aisíocaíocht Cánach Ioncaim agus Cánach Coinneála ar Ús Taisce (CCÚT) a íoctar sa Stát do na ceithre bliana cánach roimhe, faoi réir na dteorainneacha a bhfuil acoimre orthu sa reachtaíocht (Alt 477C den ACC 1997). Tar éis clárú, beidh an Conraitheoir Cáilitheach mar chuid den phróiseas CLC nuair atá maoin cháilitheach á cheannach ag ceannaitheoirí céaduaire (os a choinne sin, ní bheidh baint ag an gConraitheoir Cáilitheach le cás féintógáil).

Tugadh scéim CLC fheabhsaithe isteach in 2020 mar chuid de phacáiste do Spreagthaí an Rialtas. Tá síneadh breise curtha leis an bhfaoiseamh feabhsaithe CLC agus anois, rachaidh sé in éag ar an 31 Nollaig 2029. Sa chás go ndéanann na hiarratasóirí conradh chun maoin cháilitheach a cheannach, nó go dtarraingíonn siad anuas an chéad sciar den mhorgáiste i gcás maoiné féintógála le linn na tréimhse idir an 23 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2029, foráiltear leis an bhfeabhsú seo go mbeidh na hiarratasóirí incháilithe le haghaidh faoiseamh méadaithe faoin scéim CLC go dtí an tsuim is ísle den mhéid seo:

- (1) €30,000, nó
- (2) An tsuim Cánach Ioncaim agus CCÚT a íocadh thar na 4 bliana roimh an iarratas a dhéanamh, nó
- (3) 10% den praghas ceannaigh nó den luacháil ceadaithe i gcás féin-tógála.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an **Tax and Duty Manual Help to Buy - Part 15-01-46** a thugann breac-chuntas ar riachtanais scéim CLC.

Ról na gConraitheoirí Cáilitheacha sa Phróiseas CLC

Le go mbeidh conraitheoir mar chuid den phróiseas CLC, ní mór don chonraitheoir iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le clárú mar “Chonraitheoir Cáilitheach”. Tá ról tábhachtach ag Conraitheoirí Cáilitheacha ag céim fíorúcháin an phróiseas CLC, ag fíorú éileamh CLC an iarratasóra. Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis seo a leanas a chuireann an t-éilithoir ar fáil ceart:

- ainm / ainmneacha na gceannaitheoirí céaduaire,
- seoladh na maoiné,
- an praghas ceannaigh
- an éarlais íoctha, más ann di, agus
- an éarlais iníoctha.

Conas a bheith i do Chonraitheoir Cáilitheach Cláraithe

Chun a bheith i do Chonraitheoir Cáilitheach cláraithe, ní mór do chonraitheoir:

1. A chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na scéime, lena n-áirítear:
 - 1.1 tá ráta CCI nialas nó 20% i bhfeidhm agus tá sé á chothabháil ag an CC, agus
 - 1.2 imréiteach cánach i bhfeidhm agus coinníonn an CC é.
2. Iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim le clárú mar chonraitheoir cáilitheach:

Déantar é seo trí Fhoirm HTB1 comhlánaithe (**Foirm HTB1**) a thíolacadh ar M'Fhiosruithe ar ROS, mar **Scéim Cabhair le Ceannach – Ceadú Conraitheora**.

3. Na doiciméid ábhartha a thíolacadh le foirm HTB1 comhlánaithe, is é sin:

3.1. Sonraí na gceadanna pleanála i leith na n-áiteanna cónaithe cáilitheacha:

Ba chóir leagan PDF scanta de gach foirm cheadaithe ón údarás áitiúil cuí nó ón Bord Pleanála a thíolacadh.

3.2. Sonraí na n-áiteanna cónaithe cáilitheacha nó áiteanna cónaithe cáilitheacha beartaithe:

Chomh maith leis an eolas a chuirtear ar fáil sa doiciméad ceada pleanála, ba chóir na sonraí seo a leanas, de réir mar a thugann an conraitheoir iad, a chur san áireamh i ndoiciméad a thíolactar in éineacht leis an iarratas:

- Seoladh / dúiche na n-oibreacha,
- Uimhir Aitheantais ríomh-RCT an tSuímh (má cuireadh tús leis na hoibreacha),
- Praghas díola gach ceann de na haonaid,
- Más oibreacha céimnithe iad, agus más ea, cé mhéad céim a bheidh ann,
- An dáta críochnaithe ionchasach na n-oibreacha, lena n-áirítear dáta críochnaithe na gcéimeanna más ann dóibh.

3.3. Sonraí ar an eastát saorsheilbhe nó léasachta nó leas i dtalamh ar a bhfuil na háiteanna cónaithe cáilitheacha le tógáil.

PDF scanta de na doiciméid fóilió don talamh, agus aon eolas gaolmhar eile ar shaorsheilbh, léasach nó leas sa talamh.

Nuair atá iarratas le clárú mar Chonraitheoir Cáilitheach tíolactha ag conraitheoir, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim é a phróiseáil. Ar an gcoinníoll go bhfuil sonraí uile an iarratais i gceart, dearbhóidh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an conraitheoir ina Chonraitheoir Cáilitheach CLC cláraithe trí ainm agus Uimhir Tagartha Cánach (UTC) an chonraitheora a fhoilsiú ar www.revenue.ie.

Má tá ceisteanna / fiosruithe ann maidir leis na sonraí tíolactha ag an gconraitheoir, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim freagra trí M'Fhiosruithe.

Áiteanna cónaithe breise

Sa chás go dtagann áiteanna cónaithe breise ar fáil nach raibh sonraithe san iarratas bunaidh chun bheith mar Chonraitheoir Cáilitheach, is gá don Chonraitheoir na doiciméid ábhartha a thíolacadh leis an iarratas bunaidh a thabhairt cothrom le dáta. Is gá míreanna sa liosta faoi 3.1, 3.2 agus 3.3 thuas a thíolacadh i leith na n-áiteanna cónaithe nua, agus ba chóir don Chonraitheoir Cáilitheach iad seo a thíolacadh ar M'Fhiosruithe in ROS, faoin gcatagóir **Scéim Cabhair le Ceannach - Ceadú Conraitheora – Eolas Breise**.

Céimeanna an Phróiseas CLC

Tá trí chéim i gceist leis an bpróiseas CLC

Céim 1 Céim an iarratais

Ní mór don iarratasóir na critéir mar cheannaitheoir céaduaire a chomhlíonadh chun iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an bhfaoiseamh CLC. Beidh seiceálacha córasacha ann le cinntiú go bhfuil gach iarratasóir comhlíontach ó thaobh cánach de, agus nuair a dheimhnítear iad, eiseofar achoimre chuig an iarratasóir ar a léireofar an faoiseamh cánach uasta dlíte bunaithe ar an gcáin a íocadh. Ina theannta sin, eiseofar Uimhir Iarratais (dar tús “A”) agus Cód Rochtana chuig Bosca Isteach an Iarratasóra ar M’Fhiosruithe. Tá an cód seo riachtanach chun an próiseas a chomhlánú.

Féadann institiúid iasachta an iarratasóra nó a bhforbróir / gconraitheoir an **uirilis Fiosrú Morgáiste ar ROS** a úsáid leis an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil don iarratasóir a dheimhniú sula sínítear aon chonradh. Déantar é seo trí Uimhir an Iarratais CLC agus an Cód Rochtana CLC a chur isteach (curtha ar fáil ag an gceannaitheoir céaduaire). Tabhair do d’aire go bhféadfadh athrú teacht ar an aisíocaíocht CLC nuair a dheimhnítear praghas ceannaigh na maoin (mar atá luaite sa ghabháil scáileáin de thorthaí na huirlise Fiosrú Morgáiste thíos).



Toradh	
Faoiseamh Cabhair Le Ceannach	
cód an iarratais:	A0000
Uimhir faoisimh ar fáil:	€30000.00

Féadfaidh an tsuím seo athrú nuair (i) a dheimhnítear praghas ceannaigh na maoin agus (ii) a dheimhnítear dáta sínithe na gconraitheoir chun teacht a cheannach nó dáta tarraingthe aníos den chéad sólar d'iasacht cháilitheach i leith teacht a fháil tógáil.

[Dís](#)

Léaráid 1: Toradh ó scáileán na huirlise fiosraithe morgáiste de chuid Cabhair le Ceannach ar ROS ar a léirítear an faoiseamh uasta atá ar fáil don iarratasóir.

Céim 2 Céim an éilimh

Nuair atá conradh déanta ag an iarratasóir áit chónaithe a cheannach nó go bhfuil an chéad sciar den mhorgáiste tarraingthe anuas acu i gcás féin-tógáil, féadfaidh sé / sí céim an éilimh a chomhlánú. Mar chuid den phróiseas éilimh, beidh ar an iarratasóir sonraí a sholáthar i dtaca leis an maoin cháilitheach atá á ceannach. Ní mór sonraí an mhorgáiste agus fianaise dhoiciméadach ina leith sin a chur ar fáil chomh maith. Ríomhfar an faoiseamh cánach agus eiseofar Uimhir an Éilimh (dar tús “C”) trí M’Fhiosruithe.

Ní mór don iarratasóir sonraí na háite cónaithe cáilithí atá á ceannach aige nó aici a chur ar fáil, lena n-áirítear:

- Cóip den chonradh ceannaigh sínithe,
- Sonraí an mhorgáiste – litir tairisceana agus foirm glactha sínithe
- Deimhniú gur Conraitheoir Cáilitheach é an forbróir / conraitheoir,
- Seoladh na maoin,
- Luach an cheannaigh,
- An éarlais íoctha agus iníoctha.

Féadtar tuilleadh eolais mhionsonraithe faoin bpróiseas CLC ó thaobh an iarratasóra de a fháil in **Cabhair le Ceannach Treoir Achomhair d'Iarratasóirí**.

Céim 3 Céim an fhíoraithe

Nuair atá an t-éileamh comhlánaithe ba chóir d', iarratasóirí ansin an Conraitheoir Cáilitheach a chur ar an eolas go bhfuil a gcuid den éileamh CLC comhlánaithe acu agus rachaidh an próiseas ar aghaidh chuig céim trí, céim an fhíoraithe. Ba chóir don Chonraitheoir Cáilitheach logáil isteach ar ROS agus an fhaisnéis a chuireann an t-éilitheoir CLC ar fáil a fhíorú.

I gcás forbróirí / conraitheoirí atá cláraithe mar Chonraitheoirí Cáilitheacha, feicfidh siad rogha le héilimh CLC a fhíorú nuair a logálann siad isteach ar ROS. Chun éileamh a fhíorú, is gá dóibh Uimhir an Éilimh CLC agus Cód Rochtana CLC a chur isteach (curtha ar fáil ag an gceannaitheoir céaduaire). Is gá dóibh na gnéithe seo a leanas d'éileamh CLC a fhíorú:

- Ainm / ainmneacha na gceannaitheoirí céaduaire,
- Seoladh na maoiné,
Ní mór do na Conraitheoirí Cáilitheacha a chinntiú go gcuirtear gach páirtí ar chonradh ceannaigh san áireamh ar éileamh CLC.
- Luach an cheannaigh,
Is é an luach ceannaigh an praghas deiridh a íocadh ar an maoin, nach féidir a bheith níos lú ná Luach Margaidh Oscailte na maoiné.
- An éarlais íoctha agus iníoctha.


Nuair atá an méid thuas fíoraithe, ní mór don Chonraitheoir Cáilitheach BIC agus IBAN an chuntais bainc lena n-íocfar an aisíocaíocht a chur isteach.

Nuair atá an Conraitheoir Cáilitheach sásta go bhfuil gach rud in ord leis an éileamh CLC, féadtar an t-éileamh a fhíorú. Má chinneann an Conraitheoir Cáilitheach go bhfuil ionchur faisnéise an éilitheora ag céim an éilimh mícheart, ba cheart dó / di a chur in iúl don éilitheoir an fhaisnéis sin a nuashonrú. Nuair a bheidh an t-éileamh CLC ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, aisíocfar an t-éileamh leis an gcuntas a chuir an Chonraitheoir Cáilitheach ar fáil.

Tabhair do d'aire: Teastaíonn **Uimhir an Éilimh CLC** agus an **Cód Rochtana CLC** chun an t-éileamh CLC a fhíorú; agus teastaíonn **Uimhir an Iarratais CLC** agus an Cód Rochtana CLC leis an aisíocaíocht uasta féideartha ar an **uirilis Fiosraithe Morgáiste** a fhíorú.

Éileamh ar an gCóras CLC ar Líne a fhíorú

Tús a chur leis an bPróiseas Fíorúcháin



Léaráid 1. Cuir isteach uimhir thagartha an éilimh CLC agus an cód rochtana CLC

Dearbhú

Ní mór do na Conraitheoirí Cáilitheacha a chinntiú go bhfuil gach páirtí ar chonradh ceannaigh san áireamh ar an éileamh CLC

Deimhniú um Chúineadh chun Ceannaigh

Dearbhú

Cinntigh go bhfuil ainmneacha sile na ndaoine aonair atá ag coinnach arís ar an liosta ainmneacha seo, mara bhfuil ainm duine aonair atá ag coinnach arís seo ar an liosta, ná deimhniú an t-íarratas CLC seo - bíll iarratas grúpa ionlán tionscailte ag na hÉilitheoirí. Tá an t-éileamh seo aitheanta mar éileamh i dtaca le teach a cheannach ar áis 1/1/17. Mar sin, lochtar an aistriúclach CLC leis an gConraitheoir Cáilitheach; iarrfar ort go luath an BIC agus an IBAN a shloáthar a bhaineann leis an grúntas inar mian leis an gConraitheoir Cáilitheach an aistriúclach a íoc.

Dearbhaigh go bhfuil iarratas á chéiniú agat don iarrthóir seo a leanas:

Iarrthóir

Aonair 1	
Máil Iomlán na hAistriúclachta	€0.00

Trí clíceáil ar "Ar Aghaidh" tá tú ag deimhniú go bhfuil an fhaisnéis a thaispeántar i gceart. Mara bhfuil an fhaisnéis i gceart, déan teagmháil leis an Iarrthóir/na hIarrthóir um Chúineadh chun Ceannaigh.

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 2. Fíoraigh ainm / ainmneacha na gceannaitheoirí céaduaire

Sonraí na Maoin

Deimhniú um Chúnamh chun Ceannaigh

Sonraí na maoin

Dearbhaigh na sonraí seo a leanas faoin maoin

Seoladh sráide

Line Seoita 2

Seoladh Line 3

Contae

Eircode

Trí clíceáil ar "Ar Aghaidh" tá tú ag deimhniú go bhfuil an fhaisnéis a thaispeántar i gceart. Mara bhfuil an fhaisnéis i gceart, déan teagmháil leis an Iarrthóir/na hIarrthóir um Chúnamh chun Ceannaigh.

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 3. Fíoraigh sonraí na maoin

Sonraí Ceannacháin

Mar a luadh thuas, is é an luach ceannaigh an praghas deiridh a íocadh ar an maoin, nach féidir a bheith níos lú ná Luach Margaidh Oscailte na maoin.

Deimhniú um Choinneamh chun Ceannaigh

Sonraí ceannacháin

Dearbhaigh na sonraí seo a leanas faoi ceannach na maoin.

Praghas ceannacháin

€ 450,000.00

Éarlais inioctha

€ 35,000.00

Méid éarlais a íocadh

€ 35,000.00

Tá cliceáil ar "Ar Aghaidh" tá tú ag deimhniú go bhfuil an fhaisnéis a thaispeánfar i gceart. Mura bhfuil an fhaisnéis i gceart, déan teagmháil leis an iarrthóir/na hiarrthóir um Choinneamh chun Ceannaigh.

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 4. Fíoraigh sonraí ceannaigh na maoin ceannaithe

Sonraí Cuntais Bainc

Deimhniú um Choinneamh chun Ceannaigh

Sonraí Bainc an Chonraitheora

Cuir isteach sonraí cuntais bainc ionas gur féidir aisiocáilocht Cabhulaire le Ceannach a aistriú chug do chuntas.

Ainm shealbhóir an chuntais

BIC

Sampla: ARKK20

IBAN

Sampla: IE214184331121345678

[Cén fáth an dea-astáil an fhaisnéis seo?](#)

[Ar Aghaidh →](#)

Léaráid 5. Cuir isteach sonraí na gcuntas bainc faoina n-íocfar an aisiocáilocht

Sonraí Achoimre

Mar a luadh thuas, ba chóir don Chonraitheoir Cáilitheach a chinntiú go bhfuil na sonraí go léir atá liostaithe ar an achoimre ceart sula gcliceálann sé ar "Cuir isteach".

Deimhniú um chláir chomhcheangail

Achoimre

Cinntigh go bhfuil na sonraí seo a leanas ceart sula seolann tú isteach iad.

Deimhniú Sonraí

Uimhir thagartha an éilimh	00001234
Uimhir rochtana um chláir chomhcheangail	123456

Iarrthóir

T. Aonair 1

Sonraí na maoin

Sodadh na maoin	An t-áras, Contae, Éire
-----------------	-------------------------

Sonraí ceannacháin

Praghas ceannacháin	€450,000.00
Éiríochas luach	€35,000.00
Uimhir éiríochas a íocadh	€35,000.00

Sonraí Balac an Chonraitheora

Ainm sheathnóir an chuntais	ABC Ltd
BIC	A882345
IBAN	123456789

[Seol isteach](#)

Léaráid 6. Sonraí Achoimre

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.